

(Cás C-496/20)

Iarratasóir: M. F.

Cosantóir: T. P.,

Idiragraí: Prokurator Generalny

(Cás C-506/20)

Iarratasóir: T. B.

Cosantóirí: T. D., M. D., P. K., J. L., M. L., O. N., G. Z., A. S., Skarb Państwa – Sąd Najwyższy,

Idiragraí: Prokurator Generalny

(Cás C-509/20)

Iarratasóir: M. F.

Cosantóir: J. M.

Idiragraithe: Prokurator Generalny, Rzecznik Praw Obywatelskich

(Cás C-511/20)

Iarratasóir: B. S.

Cosantóirí: T. D., M. D., P. K., J. L., M. L., O. N., Skarb Państwa – Sąd Najwyższy

Idiragraí: Prokurator Generalny

An chuid oibríochtúil

Tá na hiarrataí ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (Izba Pracy i Ubezpieczeń Społecznych) [an Chúirt Uachtarach (Dlísheomra um Shaothar agus Slándáil Shóisialta), an Pholainn], trí bhreitheanna an 15 Iúil 2020, do-ghlactha.

(¹) IO C 44, 08.02.2021

Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Seachtú Dlísheomra) an 13 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzgericht – an Ostair) – XO v Finanzamt Österreich, ar a dtugtaí Finanzamt Waldviertel roimhe seo

(Cás C-574/20 (¹), Finanzamt Österreich)

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53 (2) agus Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Slándáil shóisialta – Sochair teaghlaigh – Innéacsú de réir praghsanna – Freagra ar cheist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú ar féidir tátal a bhaint as go soiléir as cásdlí na Cúirte Breithiúnais – Easpa ceangail idir an cheist a tarchuireadh agus an díospóid sna príomhimeachtaí – Ceist do-ghlactha go follasach)

(2023/C 164/25)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Bundesfinanzgericht

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: XO

Cosantóir: Finanzamt Österreich, ar a dtugtaí Finanzamt Waldviertel roimhe seo

An chuid oibríochtúil

- 1) Níor léirigh breithniú na chéad cheiste aon fhachtóir de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta, i.e. arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 465/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le hAirteagal 45 CFAE.
- 2) Is léir go bhfuil an dara ceist a tharchuir an Bundesfinanzgericht (Cúirt Cónaidhme Fhioscach, an Ostair) le haghaidh réamhrialú do-ghlactha go follasach.

(¹) IO C 35, 1.2.2021

Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 17 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski rayonen sad – an Bhulgáir) – Imeachtaí arna dtionscnamh ag TBI Bank

(Cás C 379/21 (¹), TBI Bank)

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53 (2) agus Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Creidmheas tomhaltóra – Treoir 93/13/CEE – Airteagal 6(1) – Téarmaí éagóracha – Diúltú ordú íocaíochta láithreach a eisiúint i gcás éileamh atá bunaithe ar théarma éagórach – Iarmhairtí a bhaineann le héagthroime téarma conarthach – Ordacháin ó chúirt níos airde gan na hiarmhairtí sin a urramú)

(2023/C 164/26)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Sofiyski rayonen sad

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: TBI Bank

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 6(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí,

a léiriú sa chaoi go bhfuil oibleagáid ar an gcúirt náisiúnta, ar iarratas a fháil ar ordú íocaíochta agus i gcás nach nglacann an féichiúnaí-tomhaltóir páirt sna himeachtaí go dtí go n-eiseofar an t-ordú íocaíochta, téarma éagórach a dhífheidhm ex officio i gcomhaontú creidmheasa tomhaltóra a tugadh i gcrích idir an tomhaltóir sin agus an díoltóir nó an soláthraí lena mbaineann, ar a bhfuil cuid den éileamh bunaithe. Sa chás sin, tá an rogha ag an gcúirt sin an t-iarratas sin a dhiúltú go páirteach, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, gur féidir leis an gcomhaontú sin leanúint ar marthain gan aon leasú, athbhreithniú nó forlónadh breise, ar faoin gcúirt a bheidh sé a fhíorú, agus ar an dara dul síos, go bhfuil an comhaontú sin ann go bhféadfar na héilimh a eascróidh as an téarma sin a idirdhealú ón gcuid eile den iarratas.

- 2) Ní mór Airteagal 6(1) de Threoir 93/13

a léiriú sa chaoi mar ní a choisceann cúirt náisiúnta, ar a nglaofar uirthi cás a tharchuireann cúirt níos airde ar ais chuici a chinneadh, ó bheith faoi cheangal, i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta, ag measúnuithe dlíthiúla nó ag treoracha ón gcúirt níos airde sin, más dóigh léi, maidir leis an léiriú a d'iarr sí ar an gcúirt Bhreithiúnais, nach n-aithníonn na measúnuithe nó na treoracha sin na hiarmhairtí dlíthiúla a eascraíonn as nádúr éagórach téarma comhaontaithe creidmheasa tomhaltóra.

(¹) IO C 368, 13.9.2021.